

Ceanglais an Rialtóir Carthanas i gcomhair Clárú

Más carthanas thú, de réir dlí ní mór duit iarratas a dhéanamh ar an Rialtóir Carthanas le háireamh ar an gClár Carthanas. B'fhéidir gur mhaith leat freisin iarratas a dhéanamh ar dhíolúine chánach charthanach (stádas CHY) ó na Coimisinéirí Ioncaim chun

buntáistí áirithe cánach a fháil a bhfuil tú ina dteideal mar gheall gur carthanas thú. Tá roinnt ceanglas is coiteann don Rialtóir Carthanas agus do na Coimisinéirí Ioncaim ¹. Tugtar comhairle sa nóta treorach seo

ar conas an próiseas maidir le hiarratas a dhéanamh ar chlárú carthanais agus ar stádas CHY chomh héasca agus is féidir

do gach duine lena mbaineann. Liostaítear sa cholún ar thaobh na lámhe clé na ceanglais go léir is gá duit a chomhlíonadh agus tugtar

tuilleadh eolais mínithe sa cholún ar thaobh na lámhe deise.

Ceanglas

Cad a chiallaíonn sé seo?

Ionstraim Rialaithe Eagraíochta

- Mura bhfuil Ionstraim Rialaithe ag eagraíocht i láthair na huair, beidh uirthi an doiciméad iomchuí a dhréachtú. Má leasaíodh an Ionstraim Rialaithe ag aon tráth (mar shampla, trí ghníomhas forlfontach nó rún speisialta), ní mór cóipeanna de na doiciméid leasaitheacha sin a sholáthar chomh maith. Má tá sé beartaithe leasú a dhéanamh ar Ionstraim Rialaithe na heagraíochta ach go dteastaíonn cead roimh ré ón Rialtóir Carthanas, ní mór fógra roimh ré i scríbhinn maidir leis na hathruithe beartaithe a thabhairt don Rialtóir Carthanas lena cheadú.

- Ní mór d'eagraíocht bunreacht a bheith aici agus í a bheith á feidhmiú go heisiach chun críche carthanais.

- Ní mór ioncam agus maoin na heagraíochta

a chur i bhfeidhm i dtreo chur chun cinn na príomhaidhme carthanais mar atá leagtha amach san Ionstraim Rialaithe. Níor cheart de ghnáth go dtabharfadh an Ionstraim Rialaithe cumhacht d'iontaobhaithe na gcarthanas maoin na heagraíochta a thabhairt ar iasacht. I gcásanna ina mbreithnítear iasacht a thabhairt, ní mór a shonrú ~~san Ionstraim Rialaithe na coinníollacha~~ faoinar féidir é sin a cheadú.

An doiciméad is tábhachtaí a bheidh ag d'eagraíocht

Cad atá i gceist leis: Is í an Ionstraim Rialaithe an doiciméad a thugann an bunús le haghaidh gach rud a dhéanann tú agus conas a dhéanann tú é. Ag brath ar struchtúr dlíthiúil

d'eagraíochta, is é seo do bhunreacht (meamram agus airteagail chomhlachais), gníomhas iontaobhais nó na rialacha. Mura bhfuil Ionstraim Rialaithe agat

ansin caithfidh tú ceann a dhréachtú. Beidh Rialtóir Carthanas ag foilsíú samhail-bhunreachtaí in Aibreán/Bealtaine 2016.

Cad a dhéanann sé: Leagtar amach go soiléir i d'Ionstraim Rialaithe spriocanna uileghabhálacha d'eagraíochta, atá foilsithe ar an gClár Carthanas. Cuireann sí teorainneacha freisin ar na gníomhaíochtaí atá cead agat a dhéanamh a idirdhealaíonn thú ó eagraíochtaí nach carthanais iad.

Cuireann sé teorainn le: Ní cheadóidh d'Ionstraim Rialaithe acmhainní na heagraíochta a fháil ar iasacht de ghnáth Níor cheart acmhainní d'eagraíochta a úsáid ach amháin chun a cuid aidhmeanna a bhaint amach. Más cuideachta thú faoi ráthaíocht theoranta, déan cinnte go bhfuil do bhunreacht (meamram comhlachais agus airteagail chomhlachais) ag teacht le ceanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

¹ Tabhair ar aird má tá sé beartaithe ag d'eagraíocht iarratas a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Ioncaim chun díolúine chánach charthanachta a fháil (stádas CHY), go bhfuil riachtanas breise ann go mbeadh cónaí ar mhórán d'iontaobhaithe na gcarthanas in Éirinn. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le hiarratas a dhéanamh ar Stádas Cánach Carthanachta téigh chuig <http://www.revenue.ie/ga/business/charities.html>

- Ní mór na clásail chaighdeánacha a bheith san Ionstraim Rialaithe mar atá sa Sceideal atá ceangailte.

Cad nach mór a áireamh ann: Ní mór go mbeadh d'Ionstraim Rialaithe oiriúnach don chuspóir thú a chlárú mar charthanas. Ní mór na clásail atá sa Sceideal ag deireadh an nóta treorach seo a bheith ann. Dá mhéid eolais a bheidh i d'Ionstraim Rialaithe, is ea is tapúla a bheidh an próiseas chun iarratas a dhéanamh.



Iontaobhaithe Carthanas

- Ní mór triúr iontaobhaithe carthanas ar a laghad a bheith ann, nach bhfuil gaol acu le chéile agus atá neamhspleách ar a chéile.

Cé hiad féin: Is ionann na hiontaobhaithe carthanas agus na daoine a bhfuil smacht foriomlán acu ar d'eagraíocht. Beidh 'an focal deiridh' ag iontaobhaithe an charthanas. Mar shampla, na daoine a bheidh ar do bhord stiúrthóirí (más cuideachta faoi theorainn ráthaíochta thú) nó do choiste bainistíochta nó príomhghrúpa (más comhlachas neamhchorpraithe thú) gach seans gurb iad do chuid iontaobhaithe iad.

- Ní bheidh aon iontaobhaí carthanas ceaptha chuig aon oifig de chuid na heagraíochta íochta le tuarastal nó táillí, ná ní bhfaighidh siad aon luach saothair nó aon sochar eile i bhfoirm airgid nó luach airgid ón eagraíocht. Go ginearálta, níor cheart aon íocaíochtaí a dhéanamh le hiontaobhaithe carthanas seachas costais réasúnta as póca.
- Más ionann seoladh na heagraíochta agus seoladh dhuine d'iontaobhaithe an charthanas ansin is gá tuilleadh eolais a thabhairt maidir le comhaontuithe léasa, etc.
- Má tá an eagraíocht ag léasú maoin ansin beidh cóip den chomhaontú léasa de dhíth.
- Éilítear dhá shíniú iontaobhaithe carthanas ar gach cuntas bainc atá i seilbh na heagraíochta.
- Ní mór aon bhaint nó rannpháirtíocht atá ag aon iontaobhaí carthanas le carthanas eile a shonrú.

Cad atá siad i dteideal a fháil: Ní fhéadfaidh iontaobhaithe an charthanas brabús a dhéanamh ón gcuid dualgais a chomhlíonadh mar iontaobhaí carthanas. Mar sin féin, féadfar iad a aisíoc as aon chostais as póca a thabhaíonn siad mar thoradh ar a rannpháirtíocht le d'eagraíocht. Féadfar cíos réasúnta a ghearradh ar áitreabh a bheidh ligthe ag aon bhall de d'eagraíocht leis an eagraíocht fad is go bhfuil sé doiciméadaithe go cuí. Go ginearálta, má tá maoin ar cíos ag d'eagraíocht ní mór duit cóip den chomhaontú léasa a chur ar fáil dúinn.

A gcuid freagrachtaí: Ní mór do bheirt iontaobhaithe ar a laghad a síniú a chur le gach cuntas bainc atá i seilbh na heagraíochta.

Más iontaobhaí carthanas é an t-iontaobhaí carthanas – nó ball foirne íochta – le carthanas eile, ní mór é sin a dhearbhu.

Comhlachtaí Eisiata

- Mar chuid de mheasúnú na n-iarratas ar stádas carthanas, seiceálfaidh an Rialtóir Carthanas nach aon cheann de na nithe seo é an t-iarratasóir:
 - páirtí polaitíochta, nó comhlacht a chuireann páirtí nó iarrthóir polaitíochta chun cinn
 - grúpa daoine ceadaithe de réir bhrí alt 235 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (comhlachtaí a bhunaítear ar mhaithe le cluichí nó spórt lúthchleasaíochta nó amaitéaracha a chur chun cinn agus sin amháin)
 - ceardchumann nó comhlacht ionadaíoch fostóirí
 - cumann tráchtála.

Ar comhlacht eisiata thú?

Má tá d'eagraíocht in aon cheann de na comhlachtaí ar an liosta ó a-d, ní féidir leat iarratas a dhéanamh a bheith mar charthanas.

Gníomhaíocht Pholaitiúil

An mbíonn tú ag gabháil do ghníomhaíocht pholaitiúil?

- Mar chuid de mheasúnú na n-iarratas ar stádas carthanais, seiceálfaidh an Rialtóir Carthanas lena chinntiú nach aon cheann de na nithe seo é an t-iarratasóir:
 - a. comhlacht a chuireann cúis pholaitiúil chun cinn, mura mbaineann cur chun cinn na cúise sin go díreach le cur chun cinn chríocha carthanachta an chomhlachta
 - b. duine a chuireann críocha chun cinn atá:
 - i. neamhdhleathach
 - ii. contrártha do mhoráltacht phoiblí
 - iii. contrártha do bheartas poiblí
 - iv. ag tacú le sceimhlitheoireacht nó gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta, cibé sa Stát nó lasmuigh den Stát
 - v. ar mhaithe le heagraíocht, dá bhfuil a ballraíocht neamhdhleathach.
- Má tá an eagraíocht i mbun aon ghníomhaíocht pholaitiúil nó i gceist aici dul i mbun gníomhaíochta polaitiúla, ní mór fianaise a sholáthar go bhfuil an ghníomhaíocht beartaithe chun ceann nó níos mó dá aidhmeanna carthanachta a chomhlíonadh agus sin amháin.

Tá dhá chuid ag baint leis an bpríomhcheist anseo:

1. An ndéanann d'eagraíocht poiblíocht, nó an bhfuil sí bunaithe chun críocha carthanachta amháin?
2. An mbaineann an obair thacaíochta/stocaireachta/fheachtais go léir a dhéanann sibh go díreach le do chríoch carthanachta a chomhlíonadh?

Mura Tá an freagra atá ar gach cuid den cheist ansin ní carthanas thú.

Gníomhaíochtaí Trádála

An bhfuil tú ag trádáil?

- Mar chuid de mheasúnú na n-iarratas ar stádas carthanais, seiceálfaidh an Rialtóir Carthanas go bhfuil aon ghníomhaíochtaí trádála atá á ndéanamh ag an iarratasóir laistigh de cheann de na catagóirí leathana seo a leanas:

Inis dúinn: Beidh eolas ag teastáil ón Rialtóir Carthanas maidir le haon ghníomhaíochtaí trádála a dhéanann tú d'fhonn d'iarratas a mheas i gcomhair stádais charthanais.

De ghnáth is ceann díobh seo a leanas a bheidh i ngníomhaíochtaí trádála:

- a. trádáil ag an eagraíocht féin mar chuid dá haidhm charthanachta;
- b. trádáil a dhéanann daoine a bhfuil sé beartaithe ag an eagraíocht tacaíocht a thabhairt dóibh;
- c. trádáil ag an eagraíocht féin nach bhfuil nasctha go díreach lena príomhaidhm.

- a. trádáil a dhéantar i rith de chomhlíonadh iarbhír phríomhaidhm na heagraíochta;
 - b. trádáil a dhéanann tairbhíthe na heagraíochta;
- trádáil choimhdeach a dhéanann an eagraíocht.
- Gníomhaíocht thrádála choimhdeach a fhéadfaidh fochuideachta den charthanas a dhéanamh d'fhonn príomhaidhm an charthanais a fhorbairt tuilleadh. Ní carthanas an fochuideachta féin agus ní chlárófar mar charthanas í. Tá dualgas ar fochuideachta den sórt sin a cuid cánacha ar a cuid brabúis go léir a íoc faoi alt 848A den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, is féidir léi a brabús a bhronnadh ar charthanas incháilithe.

Cén cineál trádála: Mar riail ghinearálta, trádáil choimhdeach ar scála beag mar caifé i ngailearaí ealaíne nó siopa nach ndíolann ach earraí bronnta chun críocha tiomsaithe airgid - glactar leo sin. Mar sin féin, seans go mbeidh fadhb le trádáil ar mórscála i dtéarmaí stádas carthanais. Déanfar gach cás a bhreithniú as féin.

- I ngach cás, beidh fianaise de dhíth go bhfuil brabús na trádála á chur i bhfeidhm le haghaidh aidhm charthanachta na heagraíochta agus sin amháin.

Brabús: Ní mór don bhrabús ar fad ón trádáil a dhul i dtreo aidhm(eanna) d'eagraíochta a chomhlíonadh.

Socruithe Maoinithe

- Ní mór eolas a thabhairt ar conas a mhaoineofar an eagraíocht.
- Ní mór don eagraíocht fianaise dá hinmharthanacht a thaispeáint.
- Ní mór tuarascálacha bliantúla agus cuntais le déanaí a sholáthar. Má bunaíodh í le gairid, ní mór don eagraíocht gníomhaíochtaí mionsonraithe atá beartaithe don todhchaí a sholáthar le tacaíocht ó thograí ioncaim agus caiteachais réamh-mheasta.

- I gcás ina n-éilítear de réir dlí ar an eagraíocht

a bheith cláraithe agus rialaithe ag comhlacht poiblí eile, ní mór fianaise a thabhairt go bhfuil sí ag cloí leis na riachtanais sin.

A chinntiú gur eagraíocht thú atá deá-rite agus inbhuanaithe

Airgead: Ní mór don Rialtóir Carthanas a bheith sásta go bhfuil do chúrsaí in ord. Tabharfar aird faoi leith ar do chúrsaí airgeadais.

Ní mór duit fianaise a thabhairt go bhfuil do charthanas inmharthana agus go bhfuil dóthain rialuithe airgeadais i bhfeidhm agat. Ciallaíonn sé sin go n-iarrfaimid eolas ort maidir le do ghníomhaíochtaí roimhe seo agus sonraí maidir le do phleananna sa todhchaí.

Rialacháin: Is dócha go gcaithfidh d'eagraíocht a thaispeáint freisin go bhfuil sí ag cloí le rialacha agus rialacháin comhlachtaí poiblí eile. Beidh siad sin éagsúil de réir an chineál eagraíochta atá agat, ach féadfar comhlachtaí mar iad seo a leanas a áireamh:

- An Oifig um Chlárú Cuideachtaí
- Boird Oideachais agus Oiliúna
- Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann
- Ranna Rialtais
- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Údaráis Áitiúla
- An tÚdarás Náisiúnta um Chaighdeán na hÉireann
- Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí
- An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí Caidrimh san Ionad Oibre

(Tabhair faoi deara nach liosta iomlán é an liosta thuas.)

- Nuair a áirítear le gníomhaíochtaí na heagraíochta

a bheith ag obair le tairbhíthe leochaileacha, ní mór eolas a thabhairt ar an measúnú riosca agus ar na nósanna imeachta cosanta.

Cosaintí: Más infheidhme, ní mór duit freisin a thaispeáint conas a chosnaíonn tú daoine leochaileacha a bhaineann tairbhe as do chuid seirbhísí (mar shampla, leanaí).

- I gcás ina bhfuil sé i gceist ag an eagraíocht ioncam a bhailiú trí tiomsú airgid ón bpobal ní mór eolas a thabhairt maidir le beartais agus rialuithe tiomsú airgid, lena n-áirítear sonraí

Tiomsú airgid: Má tá sé i gceist agat airgead a bhailiú ó bhail den phobal chun tacú le d'eagraíocht ní mór duit é sin a chur in iúl dúinn. Beidh eolas ag teastáil uainn faoi conas go díreach atá sé i gceist agat é sin a dhéanamh. Má bhíonn tú

maidir le haon socruithe le gníomhairí tiomsú airgid.

ag bailiú airgid nó ag obair thar sáile beidh ort fianaise a thabhairt go mbeidh an t-airgead go léir a bhaileoidh tú ag dul i dtreo aidhm(eanna) d'eagraíochta.

- Má tá an eagraíocht ag bailiú airgid nó ag obair thar sáile, ní mór fianaise a sholáthar de na rialuithe atá i bhfeidhm ag an eagraíocht lena chinntiú go bhfuiltear ag úsáid an ioncaim go léir chun an aidhm charthanachta a chur chun cinn.

An Áit Bhunaithe

Má bhunaítear eagraíocht i dtír lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ní mór d'eagraíocht den sórt sin áit ghnó a bheith aici sa Stát.

An áit inar bunaíodh tú agus an áit ina bhfeidhmíonn tú

Tá formhór na gcarthanas bunaithe agus ag feidhmiú i bPoblacht na hÉireann amháin. Mar sin féin, tá socruithe tíreolaíocha níos casta ag carthanas eile. Tríd is tríd, má bunaíodh d'eagraíocht lasmuigh den Eoraip ní mór duit oifig a bheith agat in Éirinn.



Foirceannadh

- Má tharlaíonn sé ar fhoirceannadh na heagraíochta go bhfuil aon chistí nó maoin fágtha, ní mór iad sin a aistriú chuig comhlacht carthanachta éigin

a bhfuil príomhaidhmeanna den chineál céanna acu, nó ar theipeadh sin, chuig comhlacht carthanachta eile (scéim cy-près óna dteastaíonn faomhadh an Rialtóir Carthanas). Ba chóir fógra foirceanta a

chur ar aghaidh chuig an Rialtóir Carthanas mar aon le sraith deiridh cuntas agus sonraí faoi conas aon chistí iarmharacha ag tráth an díscailte a leithdháileadh iad.

Ag smaoineamh anois faoin todhchaí

Is iomaí cúis ann go scoirfeadh do charthanas sa todhchaí. Mar shampla, b'fhéidir nár comhlíonadh do mhisean, b'fhéidir go bhfuil tú comhchuimsithe

ag carthanas eile nó b'fhéidir nach bhfuil d'eagraíocht inmharthana níos mó.

Ní mór don Rialtóir Carthanas a bheith cinnte go gcuirtear aon airgead nó sócmhainní atá fágtha ar aghaidh chuig comhlacht carthanachta leis na príomhaidhmeanna céanna. Is téarma dlíthiúil é cy-près a chiallaíonn 'chomh gar agus is féidir do'.

Mura mbíonn tú cinnte riamh faoi aon chúrsaí dlí ní mór duit comhairle dlí a lorg.

Mura bhfuil tú cinnte faoi aon rud is cuma cad é féin, téigh i dteagmháil linn. Táimid anseo chun cabhrú leat.

Tá an treoir seo ann chun cuidiú le carthanas ceanglais choitianta an Rialtóir Carthanas agus na gCoimisinéirí Ioncaim a thuiscint agus níor chóir í a mheas mar léirmhíniú dlí. Ní ráiteas cinntitheach í, agus níl sé i gceist gurb ea, ar an dlí sa réimse seo agus moltar do charthanas a gcomhairle dlí féin a fháil ar shaincheisteanna a hardaíodh sa treoir seo.

Sceideal: Clásail chaighdeánacha riachtanacha le haghaidh bunreachtaí cuideachtaí

Ioncam agus Maoin

Cuirfear ioncam agus maoin na Cuideachta i bhfeidhm i dtreo chur chun cinn príomhaidhm(eanna) mar atá leagtha síos sa Bhunreacht seo. Ní dhéanfar aon chuid d'ionam agus maoin na Cuideachta a íoc nó a aistriú go díreach nó go hindíreach trí bhíthin díbhinne, bónais nó ar aon bhealach eile i bhfoirm brabúis chuig comhaltaí na Cuideachta. Ní cheapfar aon Stiúrthóir chuig aon oifig den Chuideachta a bheidh íoctha le tuarastal nó táillí, nó ní bhfaighidh sé aon luach saothair nó aon sochar eile i bhfoirm airgid nó luach airgid ón gCuideachta. Mar sin féin, ní chuirfidh aon ní cosc ar aon íocaíocht de mheon macánta ag an gCuideachta ar:

- a) luach saothair réasúnta agus ceart le haon bhall nó seirbhíseach den Chuideachta (nach Stiúrthóir é) as aon seirbhísí a cuireadh i gcrích don Chuideachta;
- b) ús ag ráta nach mó ná 1% os cionn Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro (Euribor) in aghaidh na bliana ar airgead a thabharfaidh Stiúrthóirí nó baill eile na Cuideachta ar iasacht don Chuideachta;
- c) cíos réasúnta agus ceart ar mhaoin á fhorléasadh agus ligthe ar cíos ag aon bhall den Chuideachta (lena n-áirítear aon Stiúrthóir) leis an gCuideachta;
- d) costais réasúnta cheart as póca á dtabhú ag aon Stiúrthóir maidir lena bhfreastal ar aon ghnó a mbíonn éifeacht acu ar an gCuideachta;
- e) táillí, luach saothair nó sochar eile i bhfoirm airgid nó luach airgid le haon chuideachta a bhféadfadh Stiúrthóir a bheith ina bhall de agus nach mó ná aonú céadú cuid aige de chaipiteal eisithe cuideachta den sórt sin;
- f) Ní chuirfidh aon ní cosc ar aon íocaíocht a dhéanfaidh an Chuideachta le duine de bhun comhaontaithe arna dhéanamh i gcomhlíonadh alt 89 de Acht na gCarthanais, 2009 (atá á leasú, á shíneadh nó á ionadú de thuras na huaire).

Breiseanna, athruithe nó leasuithe

Ní mór don Chuideachta a chinntiú go bhfuil cóip den Bhunreacht is déanaí ag an Rialtóir Carthanais. Má tá sé beartaithe leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Cuideachta a dteastaíonn cead roimh ré maidir leis a fháil ón Rialtóir Carthanais, ní mór fógra roimh ré i scríbhinn maidir leis na hathruithe beartaithe a thabhairt don Rialtóir Carthanais lena cheadú, agus ní bheidh éifeacht ag an leasú go dtí go bhfaightear ceadú den sórt sin.

Foirceannadh

Má tharlaíonn sé ar fhoirceannadh nó ar dhíscaoileadh na Cuideachta, go bhfuil, tar éis na fiachais agus dliteanais go léir a bheith glanta, aon chineál maoin in aon chor ann, ní íocfar é ná ní leithdháilfear é i measc bhaill na Cuideachta. Ina ionad sin, tabharfar nó aistreofar maoin den sórt sin chuig institiúid nó institiúidí carthanais eile a bhfuil príomhaidhmeanna acu atá cosúil le príomhaidhmeanna na Cuideachta. Cuirfidh an institiúid nó na hinstiúidí a dtabharfar nó a n-aistreofar an mhaoin chucu cosc ar leithdháileadh a gcuid ioncaim agus maoin i measc a gcuid baill a mhéid is féidir a ghearrtar ar an gCuideachta faoi chlásal ... nó de bhua Chlásal ... anseo. Roghnóidh baill na Cuideachta an institiúid nó na hinstiúidí ábhartha tráth an díscaoilte nó roimh an díscaoileadh, agus más féidir agus a mhéid is féidir éifeacht a thabhairt d'fhorálacha den sórt sin, ansin tabharfar nó aistreofar an mhaoin chuig aidhm charthanachta éigin le comhaontú an Rialtóir Carthanais. Ullmhófar agus cuirfear cuntais deiridh isteach ina n-áireofar rannán ina n-aithnítear agus ina gcuirtear luach ar aon sócmhainní arna n-aistriú mar aon le sonraí maidir leis na faighteoirí agus téarmaí an aistrithe.

Tabhair faoi deara i gcás inar mian le cuideachta iarratas a dhéanamh chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí chun “cuideachta faoi theorainn ráthaíochta” nó a choibhéis Éireannach a ligean thar ceal in ainm na cuideachta carthanachta – go dteastaíonn foráil foirceanta eile ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí de bhun alt 1180 d'Acht na gCuideachtaí, 2014

Clásail chaighdeánacha riachtanacha le haghaidh bunreachtaí eagraíochtaí (seachas cuideachtaí) agus iontaobhais

Ioncam agus Maoin

Cuirfear ioncam agus maoin na cuideachta/an iontaobhais/chomhlachta i bhfeidhm i dtreo chur chun cinn

na príomhaidhme(anna) mar atá leagtha síos sa Ghníomhas Iontaobhais /Bhunreacht / Rialacha seo. Ní dhéanfar aon chuid d'ionam agus maoin na cuideachta/an iontaobhais/an chomhlachta a íoc nó a aistriú go díreach nó go hindíreach trí bhíthin díbhinne, bónais nó ar aon bhealach eile trí bhíthin brabúis le baill na cuideachta/an iontaobhais/an chomhlachta. Ní cheapfar aon iontaobhaí carthanais chuig aon oifig den Chuideachta/iontaobhas/comhlacht íoctha ag tuarastal nó táillí, ná ní bhfaighidh siad aon luach saothair nó aon sochar eile i bhfoirm airgid nó luach airgid ón gcuideachta/iontaobhas/comhlacht. Mar sin féin, ní chuirfidh aon ní cosc ar aon íocaíocht de mheon macánta ag an gcuideachta/iontaobhas/gcomhlacht ar:

- a) luach saothair réasúnta agus ceart le haon bhall nó seirbhíseach den chuideachta/iontaobhas/comhlacht (nach iontaobhaí carthanais é/í) as aon seirbhísí a cuireadh ar fáil don chuideachta/iontaobhas/chomhlacht;
- b) ús ag ráta nach mó ná 1% os cionn Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro (Euribor) in aghaidh na bliana ar airgead a thabharfaidh iontaobhaithe carthanais nó baill eile na cuideachta/an iontaobhais/an chomhlachta ar iasacht don chuideachta/iontaobhas/chomhlacht;
- c) cíos réasúnta agus ceart ar mhaoín á fhorléasadh agus ligthe ar cíos ag aon bhall den chuideachta/iontaobhas/chomhlacht (lena n-áirítear aon iontaobhaí carthanais) don chuideachta/iontaobhas/chomhlacht;
- d) costais réasúnta cheart as póca á dtabhú ag aon iontaobhaí carthanais maidir lena bhfreastal ar aon ghnó a mbíonn éifeacht aige ar an gcuideachta/iontaobhas/gcomhlacht;
- e) táillí, luach saothair nó sochar eile i bhfoirm airgid nó luach airgid le haon Chuideachta a bhféadfadh iontaobhaí carthanais a bheith ina bhall de agus nach mó ná na t-aonú céad cuid aige de chaipiteal eisithe Cuideachta den sórt sin;
- f) Ní chuirfidh aon ní cosc ar aon íocaíocht a dhéanfaidh an chuideachta/iontaobhas/chomhlacht le duine de bhun comhaontaithe arna dhéanamh i gcomhlíonadh alt 89 de Acht na gCarthanais, 2009 (atá á leasú, á shíneadh nó á ionadú de thuras na huairé).

Breiseanna, athruithe nó leasuithe

Ní mór don eagraíocht a chinntiú go bhfuil cóip dá hionstraim rialaithe is déanaí ag an Rialtóir Carthanais. Má tá sé beartaithe leasú a dhéanamh ar Ionstraim Rialaithe na heagraíochta a dteastaíonn cead roimh ré maidir leis a fháil ón Rialtóir Carthanais, ní mór fógra roimh ré i scríbhinn maidir leis na hathruithe beartaithe a thabhairt don Rialtóir Carthanais lena gceadú, agus ní bheidh éifeacht ag an leasú go dtí go bhfaightear ceadú den sórt sin.

Foirceannadh

Má tharlaíonn sé ar fhoirceannadh nó ar dhíscaoileadh na cuideachta/an iontaobhais/an chomhlachta, go bhfuil, tar éis na fiachais agus dliteanais go léir a bheith glanta, aon chineál maoin in aon chor ann, ní íocfar é ná ní leithdháilfear é i measc bhaill na cuideachta/an iontaobhais/an chomhlachta. In ionad sin, tabharfar nó aistreofar maoin den sórt sin chuig institiúid nó institiúidí carthanais eile a bhfuil príomhaidhmeanna acu atá cosúil le príomhaidhmeanna na cuideachta/an iontaobhais/an chomhlachta. Cuirfidh an institiúid nó na hinstitiúidí a dtabharfar nó a n-aistreofar an mhaoín chucu cosc ar leithdháileadh a gcuid ioncaim agus maoin i measc a gcuid baill a mhéid is féidir ar a laghad is a ghearrtar ar an gcuideachta/iontaobhas/gcomhlacht faoi Chlásal nó de bhua Chláisail ... anseo. Roghnóidh baill na cuideachta/an iontaobhais/an chomhlachta an institiúidí nó na hinstitiúidí ábhartha tráth an díscailte nó roimh an díscailte, agus más féidir agus a mhéid is féidir éifeacht a thabhairt d'fhorálacha den sórt sin, ansin tabharfar nó aistreofar an mhaoín chuig aidhm charthanachta éigin le comhaontú an Rialóra Carthanais. Ullmhófar agus cuirfear cuntais deiridh isteach ina n-áireofar rannán ina n-aithnítear agus ina gcuirtear luach ar aon sócmhainní arna n-aistriú mar aon le sonraí maidir leis na faighteoirí agus téarmaí an aistrithe.

